

❖ An Lúibín ❖

18 Meán Fómhair 2013

Deireadh le leagan clóite *Foinse*

Tá an foilsitheoir Móinéar Teo. tar éis a fhógairt go bhfuil deireadh curtha leis an leagan clóbhuailte den nuachtán seachtainiúil *Foinse*. Sa bhliain 1996 a bunaíodh an nuachtán, agus anuas go dtí an bhliain 2009 bhí sé á fhoilsiú le cabhair ó Fhoras na Gaeilge. Theip ar an maoiniú sin agus athsheoladh *Foinse* mar fhorlíonadh san *Irish Independent*. Bhíodh éileamh mór ag scoileanna agus ag foghlaimoirí uirthi.

Is dóigh leis an bhForas 'nach é an fhormaid chlóite an bealach is oiriúnaí le seirbhís nuachta a sholáthar do phobal léitheoireachta na Gaeilge'. Chuir sé deireadh le *Gaelscéal*, an nuachtán Gaeilge eile, de dheasca na ndeacrachtaí dáileacháin a bhí aige, agus tá taighde déanta aige anois chun a fháil amach an fiú foilseachán eile den sórt sin a chur ar bun.

Tá roinnt rudaí ar siúl ag Móinéar Teo. ar líne le blianta beaga anuas, agus *Foinse Óg* agus *Foinse sa Rang* ar fáil i gcónaí ar www.foinse.ie.



Áireamh Ghaeilgeoirí na hÉireann

Thug daonáireamh Éireannach 2011 deis dúinn sláinte na Gaeilge a mheas in Éirinn. Is léir faoin am seo ó fhoinsí eile nach mór an rath atá i ndán don Ghaeltacht: teanga chathrach is ea an Ghaeilge feasta, agus is dócha gur Gaeilgeoirí seachas cainteoirí traidisiúnta dúchais is mó atá le fáil sa chuntas thíos.

Dúirt 1.7 milliún duine go raibh Gaeilge acu i Mí Aibreáin 2011 - figiúr nach gcreidfeadh aon duine ciallmhar. Is fearr go mór an léargas a fhaighimid ar an scéal ó uimhir na gcainteoirí laethúla. Ba mhó líon na mban ná líon na bhfear sa ghrúpa sin, agus is iad na Gaeilgeoirí an dream is oilte sa phobal, rud a threiseodh an tuairim gur scothaicme de shaghas éigin iad.

Na figiúirí, mar sin. Bhí 77,185 duine ag labhairt Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais. Bhí 23% díobh seo idir cúig bliana agus ocht mbliana déag d'aois (17,457 duine) agus 30% idir cúig bliana is fiche agus ceithre bliana is daichead (23,359 duine). Bhí 42,157 duine baineann ag labhairt Gaeilge gach lá le hais 35,028 duine fireann.

I mBaile Átha Cliath a bhí formhór na gcainteoirí laethúla le fáil: 14,229 duine (18%). Bhí 6,336 cainteoir laethúil i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach le chéile (8%), agus dúirt grúpa tábhachtach eile (110,642 duine) go labhraídís Gaeilge gach seachtain.

Ba mhó an oiliúint a bhí ar chainteoirí laethúla ná mar a bhí ar an gcuid eile den phobal. Maidir le daoine a raibh a gcuid oideachas críochnaithe acu, bhí céim ag 44% de na cainteoirí laethúla le hais 26% den phobal i gcoitinne,.

Féach:

<http://www.cso.ie/en/newsandevents/pressreleases/2012pressreleases/pressreleasecensus2011profile9whatweknow/>



Gael-Mheiriceánaigh agus an ciníochas

The Irish, who, at home, readily sympathise with the oppressed everywhere, are instantly taught when they step upon our soil to hate and despise the Negro. They are taught to believe that he eats the bread that belongs to them. The cruel lie is told them, that we deprive them of labor and receive the money that would otherwise make its way to their pockets. Sir, the Irish-American will one day find out our mistake. He will find that in assuming our avocation, he has also assumed our degradation. (*Frederick Douglass, iarsclábhaí agus daonfhuasclóir*)¹

Sa bhliain 1995 d'fhoilsigh an staraí Meiriceánach Noel Ignatiev leabhar faoi na hÉireannaigh i Meiriceá agus teideal gríosaitheach air: *How the Irish Became White*. Pé dímheas a bhí ar na hÉireannaigh ar dtús, a deir sé, d'éirigh leo leas a bhaint as dath a gcaicinn chun dul chun cinn sa saol. Chun é seo a dhéanamh, áfach, rinne siad daoine gorma a dhíspeagadh, a mhaslú agus fiú a mharú.

Bhí, ar ndóigh, taobh eile ar an scéal. Bhí na bochtáin uile, Éireannaigh agus eile, caite i mullach a chéile i slumaí Nua Eabhrac agus Bhostún, agus b'éigean dóibh tarraingt le chéile dá míle buíochas – oibrithe agus cailíní aimsire, mangairí, tábhairneoirí, búistéirí, grósaeirí, meirdreacha agus meirligh. Luigh siad lena chéile, phós siad a chéile, bhídís ag obair le chéile.

Caidreamh corrach casta a tháinig as seo: caidriúlacht gharbh na gcúlstráideanna agus coimhlint ghéar i gcúrsaí oibre. Ar shlí éigin bhí cultúr comhchoiteann ag an dá dhream: mar a deir an staraí Lauren Onkey, áfach, ní ceart scéal rómánsach a dhéanamh den chomhcheangal úd chun fuath cine na nGael-Mheiriceánach a shéanadh nó a cheilt.²

Ní as Éirinn féin a thug na hÉireannaigh leo an ghráin seo. Nuair a thug Frederick Douglass, iarsclábhaí agus scríbhneoir, cuairt ar Éirinn sa bhliain 1845, bhí an méid seo le rá aige:

Instead of the bright, blue sky of America, I am covered with the soft, grey fog of the Emerald Isle. I breathe, and lo! the chattel becomes a man. I gaze around in vain for one who will question my equal humanity, claim me as his slave, or offer me an insult. I employ a cab—I am seated beside white people—I reach the hotel—I enter the same door—I am shown into the same parlour—I dine at the same table—and no one is offended... I find myself regarded and treated at every turn with the kindness and deference paid to white people.³

Sa bhliain 1841 sheol 60,000 duine in Éirinn aitheasc chun na nÉireannach i Meiriceá, ag iarraidh orthu dul i gcomhar leis na daonuasclóirí. Tamall ina dhiaidh scríobh an daonuasclóir William Lloyd Garrison na focail seo faoi Éireannaigh Mheiriceá: 'Even to this hour, not a single Irishman has come forward, either publicly or privately, to express his approval of the Address, or to avow his determination to abide by its sentiments'.⁴

Bhí Dónall Ó Conaill féin i gcoinne na sclábhaíochta, cé nár labhair sé ach go seachantach fúithi ar dtús ar eagla go gcuirfeadh se fearg ar a lucht tacaíochta sna Stáit. Bhris ar an bhfoighne air faoi dheireadh, áfach: 'Over the broad Atlantic I pour forth my voice, saying, Come out of such a land, you Irishmen; or, if you remain, and dare countenance the system of slavery that is supported there, we will recognize you as Irishmen no longer.'⁵

Is beag aird a tugadh air, ó ba í an ainnis ba chúis leis an ngéariomaíocht agus leis an ngráin. Formhór mór na nÉireannach a bhain Meiriceá amach, fiú roimh an Drochshaol, ba bhochtáin iad gan cheird nó scileanna ar leith. I mBostún bhí na hÉireannaigh ag plódú isteach i seomraí dorcha gan uisce, ag tógáil bothán i lánaí salacha nó i ngairdíní nó ag dul chun cónaithe i siléir. Rinne an tífeas slad: d'fhaigheadh 60% de na leanaí bás sula mbídís sé bliana d'aois agus is minic a gheobhadh inimircigh fhásta bás i gceann sé bliana. I Nua Eabhrac ní bhíodh rompu

¹ Douglass (1882), lch 258.

2

Onkey (1999).

³ Douglass (1855), lch 288.

⁴ Ignatiev (1995), lch 28.

⁵ Ibid., lch 29.

ach tionóntáin bhrocacha agus ‘runners’ a bhíodh ar pá ag caimiléirí agus a mhealladh núosaigh i nGaeilge lena gcreachadh. Bhí an obair gann; bhí an t-ól agus an t-achrann flúirseach. Bhí na hÉireannaigh ag dul i ngleic le dream eile gan mórán scileanna, fir ghorma shaora, chun greim a fháil ar an obair ba mhaslaí, agus ba nimhneach an faltanas a tháinig de.

Sa bhliain 1834 d’imigh drong le craobhacha trí cheantar gorm Philadelphia. Éireanaigh ba ea a bhformhór, agus mharaigh siad beirt ghormán agus hasc a lán eile. Creachadh agus scriosadh dhá shéipéal agus breis is fiche teach. Dúirt coiste fiosrúcháin gurbh é ba chionsiocair leis an racán daoine a bheith den tuairim go raibh fostóirí éigin ag roghnú oibrithe gorma thar oibrithe bána. Scéal coitianta ba ea racáin den saghas seo ag an am.

Bhíodh mórán oibrithe gorma le fáil ar na duganna i Nua Eabhrac, in Philadelphia agus i gcathracha eile an Tuaiscirt, agus in Baltimore, Charleston, New Orleans agus i gcalafoirt eile sa Deisceart. Sa bhliain 1850 d’éiligh oibrithe Éireannacha in Nua Eabhrac go gcartfaí oibrithe gorma. I rith stailc na bliana 1852 agus arís sna blianta 1855, 1862 agus 1863, chuaigh dugairí Éireannacha i ngleic leis na hoibrithe gorma a tháinig isteach ina n-ionad. I Mí Lúnasa 1862 bhí mórán Éireannach sa drong a d’ionsaigh monarcha in Brooklyn mar a raibh daoine gorma (mná agus páistí den chuid is mó) ag déanamh tobac. Theith na hoibrithe suas an staighre agus chuir an drong an chéad urlár trí thine. B’éigean don úinéir a ghealladh go gcuirfeadh sé na hoibrithe gorma chun bóthair agus go bhfostódh sé Éireannaigh amháin.

Bhí oibrithe Éireannacha i dtuaisceart na Stát i gcoinne chealú na sclábhaíochta. Sa bhliain 1838 rinne drong Éireannach luaith de Pennsylvania Hall, foirgneamh a tógadh le síntiúis mar áit chruinnithe do dhaonuasclóirí. Fiú dá gcealófaí an sclábhaíocht, b’fhearr leis na hÉireannaigh go bhfanfadh daoine gorma ar na plándálacha nó go bhfillfidís ar an Afraic. Idir an dá linn thaobhaigh siad leis an Páirtí Daonlathach, dream a chosain an sclábhaíocht roimh Chogadh na gCarad agus a bhí ag iarraidh cearta sclábhaithe fuascailte a chúngú i gcónaí.

The competition among Irish and black laborers failed to lead to unity because it did not take place under normal labor market conditions but was distorted by the color line. However much the Irish were oppressed as a race in Ireland and exploited as workers in America, once landed in Boston, New York or Philadelphia, they enjoyed one marked advantage over refugees from Southern slavery: No one was chasing them with dogs.⁶

Rinne an staraí Arnold Shankman amach ó nuachtáin ghorma agus ó fhoinsí eile de chuid na tréimhse 1840-1921 gurbh iad na daoine gorma ar na dreamanna ba lú a bhí i bhfabhar neamhspleáchas na hÉireann, cé go raibh trua ag cuid acu do bhochtáin na hÉireann agus dóchas acu go rachadh Éire a bealach féin. Bhí a fhios acu cén fuath a bhí ag na Gael-Mheiriceánaigh dóibh - an namhaid ba bhuaine agus ba mhioscaisí acu.⁷

De réir a chéile bhí na hÉireannaigh in ann buntáiste a bhaint as a bheith bán. D’fhéadfaidís (mar a deir Ignatiev) dul ar lorg oibre de gach saghas seacht fanacht i mbun obair áirithe; d’fhéadfadh fiontraithe Éireannacha oibriú taobh amuigh de mhargadh leithscartha; d’fhéadfaidís go léir tairbhe a bhaint as cearta daonlathacha, cónaí cibé áit ab acmhainn dóibh agus a gcuid a chaitheamh de réir a dtola.

Níorbh iad na bochtáin amháin a raibh dímheas acu ar an bpobal gorm, cé gurb iad ab achrannaí. Chreid formhór mór an phobail bháin gur shuaráí daoine gorma ná iad, tuairim a bhí ag Gael-Mheiriceánaigh mheánaicmeacha chomh maith le cách. Anois féin cloistear an cheist: ‘Má d’éirigh linne sinn féin a tharrac as an ainis, cén fáth nach ndéanfadh daoine gorma é?’ An freagra: ba í an Bháine féin a sholáthair do na hÉireannaigh deiseanna agus acmhainní an phobail mhóir, rudaí nach raibh teacht ag daoine gorma orthu. Tá, gan dabht, dul chun cinn iontach déanta ag an bpobal gorm d’ainneoin na gconstaicí; ach tá rian agus smál na staire orthu fós.

Círíbeanna na bliana 1863

Chuir Acht an Choinscríofa 1863 cor eile sa scéal. Bhí fir bhána idir fiche bliain agus cúig bliana d’aois inliostáilte in Arm an Aontais. Bhí cead ag fir ghorma shaora dul san arm dá ndeoin féin. D’fhéadfadh toicithe bána fear ionaid a fhostú, íoc as an liostáil a chur ar athló nó breab a thabhairt do dhochtúir ar son díolúine leighis. Ba móide an fuath cine na difríochtaí seo idir dhliteanais na bhfear gorm, na dtocithe agus na mbochtán bán (a

⁶ Ignatiev (2010).

⁷ Shankman (1980), lgh 284-299.

raibh mórán Éireannach ina measc). Bhí círéibeanna ina lán cathrach agus ionsaíodh feidhmeannaigh liostála agus fir ghorma shaora. Thosaigh an racán ba mheasa ar 11 Bealtaine 1863 i Nua Eabhrac, nuair a mharaigh cóip na sráide (agus neart Éireannach ina measc arís) breis is céad duine. Chuir siad oifigi liostála trí thine, d'ionsaigh siad dtórais chogaidh, misiúin Phrotastúnacha, póilíní agus daoine bána meánaicmeacha; ansin chrom siad ar dhaoine gorma a bhascadh agus a mharú. Chríochnaigh an scéal le comhrac idir bhochtáin na cathrach taobh thiar dá gcuid barracáidí agus reisimintí a bhí tagtha ar ais ó chath Gettysburg.

Tá léargas le fáil ar ar tharla in *Report of the Committee of Merchants for the Relief of Colored People, Suffering from the Late Riots in the City of New York*, a bhfuil cuntas ann ar ghníomharthaí uafáis agus ar an déirc a tugadh do 'the colored people of this city, who have recently been deprived of their kindred by murderers, of their homes by fire, and of their accustomed means of support; having been forcibly driven therefrom by an infuriated mob, without cause or provocation...'. As an 2,450 fear gorm a fuair cúiteamh, bhí 1,267 duine acu ina n-oibríthe agus ina ndugairí: 'So determined and bitter is the feeling of the 'longshoremen against negroes that not one of the latter dared show themselves upon the docks or piers, even when a regular employee of the place'.

Tá roinnt scéalta pearsanta ann, ar nós scéal Richard Wilson, 'a Methodist Elder'.

"On Tuesday at 9 o'clock, A. M. the mob came; my wife and one daughter went out the front basement way, escaping with a few bruises. As it was the men they were most violent against, my other daughter remained with me and my three sons, declaring that she would risk her life with her father. Finding the rioters would soon break through, we all climbed over the back fence into the yard where this lady lived. Instantly she came out to meet us and told us to hide ourselves as quickly as possible in her basement cellar. But the mob had espied us and quick as thought they surrounded her house. She calmly went out to the front door and met them, demanding what they were making all that clamor about, at her house. The mob were for a moment foiled by her coolness, and she immediately took advantage of the quiet to tell a neighbor to run as quick as his feet could carry him to the Arsenal and bring the soldiers. She then ordered her girl to pack up all her more valuable things in trunks and sent for a carman to come for them.

By this time the mob had become intensely excited - assured by some of their fellows - of the presence of the blacks in the basement. They rushed up the steps and tried to get past the noble woman. 'I tell you, she said, 'no one goes in this house except over my dead body.' Her resolute manner, though she was a woman of small stature, awed them. 'If I had my sword here,' muttered a ruffian who appeared like a runaway soldier, 'I would settle you.'

'As soon as I remove my trunks and furniture,' she said, 'you can come in, not before.' In a few minutes the military appeared, and the lady, the negroes and the cart load of valuables, were all safely conveyed to the Arsenal."⁸

* Ignatiev, Noel (1995). *How The Irish became White*. Routledge.

* Ignatiev, Noel (2010): 'The Divide Between Blacks and the Irish':

<http://www.theroot.com/views/divide-between-blacks-and-irish>

* Douglass, Frederick (1855). *My Bondage and My Freedom*. Cuid 2: 'Life as a Freeman,' Caibidil XXIV, lch 288.

<http://www.gutenberg.org/files/202/202-h/202-h.htm#link2HCH0024>

* Douglass, Frederick (1882). *The Life and times of Frederick Douglass*. London. Cuid 2, Caibidil IX, lch 258:

http://files.libertyfund.org/files/2007/Douglass_1349_Bk.pdf

* Onkey, Lauren, "'A Melee and a Curtain': Black-Irish Relations in Ned Harrigan's *The Mulligan Guard Ball*," Ball State University, Indiana: <http://english.chass.ncsu.edu/jouvert/v4i1/onkey.htm>

* Shankman, Arnold, 'Black on Green: Afro-American Editors on Irish Independence, 1840-1921,' *Phylon* (1960-), Vol. 41, No. 3 (3rd Qtr., 1980), pp. 284-299, Clark Atlanta University.

* Montgomery, David, 'Na Gaeil agus Gluaiseacht an Lucht Oibre' in *Go Meiriceá Siar*, eag. Stiofán Ó hAnnracháin, An Clóchomhar Tta 1979.

* *Report of the Committee of Merchants for the Relief of Colored People, Suffering from the Late Riots in the City of New York*: [http://memory.loc.gov/cgi-bin/query/r?ammem/rbaapc:@field\(DOCID+@lit\(rbaapc21000div2\)\)](http://memory.loc.gov/cgi-bin/query/r?ammem/rbaapc:@field(DOCID+@lit(rbaapc21000div2)))

⁸ *Report of the Committee of Merchants for the Relief of Colored People*



Cogadh agus teitheadh

Ceist díospóireachta san Astráil scéal na dteifeach úd a thagann aduaidh i mbáid ‘neamhúdaráithe’, scéal nach bpléitear go ciallmhar i gcónaí agus a bhfuil a ndóigh féin curtha ag na mórfháirtithe polaitiúla uirthi. Déantar trácht ar olcas na smuigléirí daoine, agus níl amhras ná go bhfuil cáineadh tuilte acu siúd a chuireann daoine chun farraige i mbáid gan mhaith. Ó thaobh an riaracháin de, áfach, ní mór an tairbhe teifigh a phróiseáil lasmuigh den Astráil; admhaítear go mbeadh sé i bhfad níos áisiúla agus níos saoire é a dhéanamh ar an mór-roinn. Glactar mar dhídeanaithe le 90% díobh siúd a thagann aduaidh agus níl aon amhras ná gur féidir leis an Astráil fáiltiú roimh shlua teifeach eile. Ní minic atá daoine sásta an cheist a scrúdú ina hiomláine: i.e. dul amach ar aigne agus ar chuspóirí na dteifeach agus ar an mbail atá orthu ina dtír féin.

Ó Sri Lanka a thagann cuid mhaith de lucht na mbád, cuid acu ag éalú ón mbochtanas, cuid eile ón leatrom. Is garr ó rinne Navi Pillay, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta Daonna, léiriú ar an scéal agus í tar éis cuairt a thabhairt ar Sri Lanka. Bhuail sí leis an Uachtarán Mahinda Rajapaksa, le hAíre rialtais agus le hardfhaidhmeannaigh dlí, agus le polaiteoirí nár chuid den rialtas iad – ceannaire an Fhreasúra agus ceannaire Chomhcheangal Náisiúnta na dTamalach. Bhuail sé le Coimisiún Náisiúnta na gCearta Daonna, le cosantóirí cearta daonna agus le heagraíochtaí pobail.

Ghabh sí buíochas leis an Rialtas as an gcúnamh a tugadh di, agus dúirt gur sheas siad, tríd is tríd, leis an ngeallúint a tugadh di go bhféadfadh sé dul cibé áit ba mhian léi. Chuir sí a dea-mhéin a chur in iúl do na daoine go léir a maraíodh i rith an chogaidh agus rinne comhbrón lena muintir. D’fheann sí baicle bheag i Sri Lanka a bhí á chur in iúl le tamall anuas go raibh bá aici leis an LTTE (na ‘Tíogair’).

Mhol sí polasaí nua an trítheangachais agus an méid atógála a rinneadh le cabhair ó thíortha eile, ó ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus ó eagraíochtaí neamhrialtais: bóithre, tithe, scoileanna agus eile. Bhí an chuid is mó de na mianaigh bainte aníos agus deis ag na mílte duine fillleadh abhaile dá bharr.

Níor mhaith léi a chloisteál, áfach, go bhfuil an t-arm ag cur a ladair i ngnóthaí sibhialta – turasóireacht, feirmeoireacht, oideachas. Dúirt sí freisin gur mhór an crá é an dianfhaireachas a dhéantar ar an dream a d’fhill abhaile. Bhí fearg uirthi faoin drochíde chollaí a bhí á fulaingt ag mná agus ag cailíní. Luaigh sí don fuadach a bhí ar siúl chomh minic sin in iarthar agus i ndeisceart na tíre le beagán blianta anuas, agus í ag súil go mbeadh an Coimisiún nua Fiosrúcháin níos éifeachtaí ná a leithéidí eile. Rinne sí tagairt d’ionsaithe ar mhionlaigh reiligiúnacha agus don mhoill a bhí ar an Rialtas pionós a thabhairt do na daoine a bhí ciontach astu.

Cháin sí na fórsaí slándála as cosantóirí cearta daonna a cheistiú tar éis dóibh siúd a bheith ag caint léi.

This type of surveillance and harassment appears to be getting worse in Sri Lanka, which is a country where critical voices are quite often attacked or even permanently silenced. Utterly unacceptable at any time, it is particularly extraordinary for such treatment to be meted out during a visit by a UN High Commissioner for Human Rights.

Dúirt sí gur maraíodh os cionn tríocha iriseoir ón mbliain 2005 i leith agus gur fhág a lán eile an tír. Is minic a ionsaíodh oifigí nuachtán agus teilifíse, agus deir iriseoirí go bhfuil altanna leo nach féidir leo a chur i gcló. An Chomhairle Bhunreachtúil a mholadh ceapacháin do chomhlachtaí neamhspleácha cealaíodh í, agus tá ceapacháin shinseartha bhreithiúnacha ag brath ar ghnóthaí polaitiúla anois.

Mar sin féin, d’aithin sí go bhfuil aigne dhaonlathach ag mórán daoine óga.

Mar fhocal scoir, cuimhnimis ar Sunila Abeysekara, cosantóir cearta daonna agus feimineach a cailleadh le déanaí. Bhronn na Náisiún Aontaithe an Duais Cearta Daonna uirthi sa bhliain 1999 agus d’aithin Human Rights Watch tairbhe a cuid oibre. Sa bhliain 1989 bhí sí orthu siúd a bhunaigh INFORM, grúpa a rinne drochíde a

thairfeadh nuair a bhí leatrom á dhéanamh ar fud na tíre. B'éigean di an tír a fhágáil cúpla uair toisc go rabhthas ag bagairt báis uirthi.

Féach:

<http://un.lk/news/opening-remarks-by-un-high-commissioner-for-human-rights-navi-pillay/>
Colombo, 31 Lúnasa 2013

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Gael-Mheiriceánaigh agus an ciníochas

Sa bhliain 1995 d'fhoilsigh an staraí Meiriceánach Noel Ignatiev leabhar faoi na hÉireannaigh i Meiriceá: *How the Irish Became White*. Dúirt sé go raibh drochmheas ar na hÉireannaigh i Meiriceá ar dtús díreach mar a bhí ar dhaoine gorma ach gurbh fhéidir leis na hÉireannaigh dul chun cinn sa saol toisc go raibh siad bán. Rinne siad daoine gorma a mhaslú agus fiú a mharú.

Bhí, ar ndóigh, taobh eile ar an scéal. Bhí bochtáin ó Éirinn, daoine gorma agus nochtáin eile ina gcónaí le sna slumaí. Phós siad a chéile agus bhídís ag obair le chéile. Bhí coimhlint ghéar eatharthu i gcúrsaí oibre agus caidreamh acu ar a chéile ar bhealaí eile: cultúr comhchoiteann. Ach bhí an ciníochas ann.

Ní as Éirinn féin a thug na hÉireannaigh leo an ghráin seo. Sa bhliain 1841 sheol 60,000 duine in Éirinn aitheasc⁹ chun na nÉireannach i Meiriceá, ag iarraidh orthu dul i gcomhar leis na daonuasclóirí. Ní bhfuair siad freagra. Bhí Dónall Ó Conaill féin i gcoinne na sclábhaíochta¹⁰ ach níor éisteadh leis i Meiriceá nuair a cháin sé 'the system of slavery that is supported there'.

Na hÉireannaigh a tháinig go dtí Meiriceá bhí mórán acu an-bhocht. Bhí siad ag plódú isteach i seomraí dorcha salacha; mharaigh an tíofas mórán acu; bhí an obair gann, ach bhí an t-ól agus an t-achrann flúirseach. Ní raibh le fáil acu ach na jabanna ba mheasa, jabanna a bhí á ndéanamh ag fir ghorma. Bhíodh achrann ann dá bharr.

Bhí oibríthe Éireannacha i gcoinne chealú na sclábhaíochta ar eagla go mbeadh níos mó oibríthe gorma ag dul in iomaíocht leo. Thaobhaigh siad leis an Páirtí Daonlathach, dream a chosain an sclábhaíocht roimh Chogadh na gCarad.¹¹

Bhí mórán Éireannach i measc na ndronganna¹² a d'ionsaigh oibríthe gorma. Bhí círeib den saghas sin sa bhliain 1834 i gceantar gorm Philadelphia. Sa bhliain 1850 d'éiligh oibríthe Éireannacha in Nua Eabhrac go gcartfaí¹³ oibríthe gorma. Bhíodh oibríthe gorma ag troid leis na hoibríthe gorma a thagadh isteach ina n-ionad i rith stailceanna. Sa bhliain 1862 bhí mórán Éireannach sa drong a d'ionsaigh monarcha in Brooklyn mar a raibh mná agus páistí gorma ag déanamh tobac. Cuireadh an mhonarcha trí thine. Dúirt an t-úinéir gurbh Éireannaigh amháin a bheadh ar fostú aige feasta.

Sa bhliain 1863 bhí círeib an-mhór i Nua Eabhrac. Bhí Cogadh na gCarad ar siúl agus dúradh le bochtáin na cathrach go gcaithfidís dul san arm. Ní raibh iachall ar fhir ghorma é sin a dhéanamh agus b'fhéidir le fir shaibhre an cogadh a sheachaint ar fad. D'éirigh na bochtáin bhána amach agus mórán Éireannach ina measc. D'ionsaigh siad daoine gorma agus mharaigh cuid acu, agus cuireadh tithe na ndaoine gorma trí thine. B'éigean don arm teacht isteach chun an t-éirí amach a chur faoi chois.

I ndeireadh na dála bhí na hÉireannaigh in ann buntáiste a bhaint as a bheith bán. Bhí deis acu obair de gach saghas a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as cearta daonlathacha. Bhí siad in ann cónaí cibé áit ab acmhainn dóibh agus a gcuid airgid a chaitheamh de réir mar ba mhian leo. Ní raibh na buntáistí sin ag daoine gorma agus tá constaicí rompu fós.

Cogadh agus teitheadh

Ceist mhór diospóireachta ceist na ndéanaithe san Astráil, ceist nach bpléitear go ciallmhar i gcónaí agus a bhfuil a ndóigh féin curtha ag na mórpháirtithe polaitiúla uirthi. Déantar trácht ar olcas na smuigléirí daoine, agus níl amhras ná go bhfuil cáineadh tuilte acu siúd a chuireann daoine chun farraige i mbáid gan mhaith. Ach ní minic a dhéanann daoine iarracht ar aigne agus ar chuspóirí na ndéanaithe féin a thuiscint.

⁹ Aitheasc – address, exhortation

¹⁰ Sclábhaíocht - slavery

¹¹ Cogadh na gCarad – Civil War

¹² Dronganna - mobs

¹³ Go gcartfaí – that...would be sacked

Thug Navi Pillay, Ard-Choimisinéir an AE um Chearta Daonna, léargas ar an scéal nuair a thug sí cuairt ar Sri Lanka le déanaí.

Chuaigh Navi Pillay chun cainte leis an Uachtarán Mahinda Rajapaksa, le hAiri rialtais agus le lucht dlí. Chuaigh sé chun cainte freisin le polaiteoirí nach cuid den rialtas iad – ceannaire an Fhreasúra agus ceannaire Chomhcheangal Náisiúnta na dTamalach. Bhuaíl sé le Coimisiún Náisiúnta na gCearta Daonna, le cosantóirí cearta daonna agus le heagraíochtaí pobail. Ghabh sí buíochas leis an Rialtas as an gcúnamh a tugadh di agus as an gcead a tugadh si dul cibé áit ba mhian léi.

Ba mhaith léi a fheiceáil go raibh bóithre, tithe, droichid agus scoileanna á n-atógáil le cúnamh ó na Náisiúin Aontaithe agus ó eagraíochtaí neamhspleácha. B'fhéidir le mórán daoine dul abhaile dá bharr. Mhol sí polasaí nua an tritheangachais.

Dúirt sí, áfach, go raibh an tArm ag cur a ladair¹⁴ i ngnóthaí sibhialta. Tá mná agus cailíní ag fulaingt drochíde chollaí, rud a cháin sí go láidir. Dúirt sí nach raibh fiosrú ceart déanta ar an bhfuadach, coir a bhí coitianta ar fud na tíre. Maraíodh nó ruaigeadh mórán iriseoirí a scríobh siad rudaí nár thaitin leis na húdaráis. Rinne sí tagairt don fhaireachas agus don chiapadh a bhí, a dúirt sí, róchoitianta in Sri Lanka, agus do na hionsaithe a bhí á ndéanamh ar mhionlaigh reiligiunacha.

Mar sin féin, bhí áthas uirthi go raibh aigne dhaonlathach ag mórán daoine óga.

¹⁴ Ag cur a ladair - interfering